

Deacrachtaí Sóisialta, Mothúchánacha agus Iompraíochta (DSMI) a Thuiscint agus a Bhainistiú



Department of
Education

www.deni.gov.uk

AN ROINN

Oideachais

MÁNNYSTRIE O

Lear

Deacrachtaí Sóisialta, Mothúchánacha agus Iompraíochta (DSMI) a Thuiscint agus a Bhainistiú

Intreoir

"Is aicsímiteach go mbíonn gach dalta...i dteideal curaclaim atá leathan agus cothrom...go bpléitear le daltaí a bhfuil fadhbanna smachta agus iompraíochta acu ina ngnáthshuíomh ranga, trí bhearta idirghabhála a chur i bhfeidhm lena n-áirítear soláthar tacaíochta scoilbhunaithe do scoileanna agus do dhaltaí".

(RO, 1998b, lch.18)

Tá tiomantas leanúnach ag an Roinn Oideachais gach dalta a bhfuil Deacrachtaí Sóisialta, Mothúchánacha agus Iompraíochta (DSMI) acu a chuimsiú agus is é aidhm na caibidle seo tacaíocht a sholáthar do bhaill foirne scoileanna.

Leagtar amach sa rannán seo prionsabail na bainistíochta éifeachtúla iompraíochta agus ba chóir go gcuirfeadh sí le tuiscint múinteoirí ar iompraíocht páistí agus ar na dúshláin a bhaineann léi. Déantar machnamh ar na cúiseanna atá le hiompraíocht mhíchúí agus moltar croíluachanna agus réimse de straitéisí bainistíochta a bhaineann le hiompraíocht éifeachtúil le tacú le forbairt éiteas agus polasaí dearfach iomlán scoile. Ba chóir gurbh úsáideach le scoileanna an t-ábhar seo maidir le cleachtas éifeachtúil cuimsiúcháin a chur chun cinn do dhaltaí a bhfuil DSMI acu agus leis an teagasc agus an fhoghlaim do gach duine a fheabhsú.

De réir Elton (1989), "ardmhiniócht, tearctheannas" an tréith a bhaineann le bunús na hiompraíochta míchúí ar nós "ag caint gan chead", "falsacht réamhbheartaithe", agus "seachaint oibre". (Elton, 1989, p.60). Tá leanúntas, áfach, ag baint le hiompar agus tig le daltaí DSMI iompraíocht "ardmhiniócht, tearctheannas" nó réimse iompraíochta frithshóisialta nó níos míchúí a léiriú. Is cuid shuntasach iad seo den 25% de dhaltaí a shainaithníonn RO (2010) mar dhaltaí a bhfuil 'constaicí foghlama' acu (RO, 2010b, lch. 11). De réir Fogell agus Long (1997, lch.7), áirítear ar an leanúntachas iompraíochtaí "seachtrach [acting

out]" ar nós iompraíochtaí trodacha agus cuardach airde nó iompraíochtaí "inmheánach [acting in]" ar nós imní agus 'cúlú [withdrawal]'.

Tugann na deacrachtaí seo dúshlán scoileanna maidir le timpeallacht ordúil a chruthú nó a chothú le foghlaim agus teagasc éifeachtúil a chinntiú agus leis an dea-iompraíocht a chur chun cinn agus a bhuanú.

I dtaca le bainistíocht éifeachtúil iompraíochta de, léiríonn torthaí taighde ar bhonn leanúnach go mbaineann na tréithe seo a leanas le scoileanna a n-éiríonn leo:

- dea-cheannasaíocht;
- caidrimh dhearfacha oibre;
- polasaithe iomlán scoile;
- gnáthaimh le hiompraíocht daltaí a bhainistiú;
- timpeallacht fháilteach;
- dálaí pléisiúrtha oibre;
- straitéisí éifeachtúla bhainistíocht seomra ranga a dhíríonn ar aitheantas a thabhairt do ghnéithe dearfacha;
- córais éifeachtúla iomlán scoile a thugann tacaíocht sholúbtha do gach ball de phobal na scoile: agus
- córais le monatóireacht a dhéanamh ar a bhfuil thuas.

(Elton, 1989; Harris, 2000; DE, 2001; Logan agus Rickinson 2005; Steer, 2009).

De réir dhaonáireamh scoile 2009-2010 na Roinne Oideachais tá 6,316 dalta a sainaitnítear deacrachtaí sóisialta, móthúchánacha agus iompraíochta a bheith acu.

Comhad Acmhainní Sainriachtanais Oideachais
DEACRACHTAÍ SÓISIALTA, MOTHÚCHÁNACHA AGUS
IOMPRAÍOCHTA (DSMI) A THUISCINT AGUS A BHAINISTIÚ

Ba chóir do scoileanna éiteas a chruthú ina bhfuil deiseanna do gach ball foirne tuiscint a fháil ar na cúiseanna atá le hiompraíocht mhíchuí agus léiríonn torthaí taighde gur athraigh na cúiseanna seo thar am.

Cúiseanna le hlompraíocht Mhíchuí

Shainaithin Lehman, Hawkins agus Catalan (1994) cuid de na "tosca ar scoil" agus na "tosca lasmuigh den scoil" a bhféadfadh iompraíocht mhíchuí a bheith mar thoradh orthu agus cuirtear iad seo i láthair sna táblaí thíos.

Tábla 1: Tosca ar scoil a théann i bhfeidhm ar iompraíocht daltaí


Tosca ar Scoil
<p><u>An Timpeallacht</u></p> <ul style="list-style-type: none"> ▶ Easpa aerála cuí ▶ Fadhbanna fisiciúla easpa fairsinge ▶ Ócáidí speisialta nuair a éiríonn daltaí tógtha, m.sh. an Nollaig, lá gaofar, druil dóiteáin
<p><u>An Páiste</u></p> <ul style="list-style-type: none"> ▶ Tuirseach mar gheall ar easpa scíthe cuí ▶ Ocras mar gheall ar easpa bia nó bia míchuí ▶ Scileanna sóisialta atá lag nó míchuí ▶ Aird de dhíth ó mhúinteoir nó ó thuismitheoir
<p><u>An Múinteoir</u></p> <ul style="list-style-type: none"> ▶ Tairgeann curaclam nach bhfuil idirdhealú cuí ann, rud is cúis le frustrachas nó leadrán ▶ Easpa aithne ar dhaltaí ▶ Drochscileanna bainistíochta amhail gan bheith comhsheasmhach, dearcadh laissez-faire, ag brath barraíocht ar fhorlámhas nó easpa dhaingniú na dea-iompraíochta ▶ Drochmhodh labhartha ▶ Easpa soiléire nuair a bhíonn ionchais iompraíochta nó oibre á míniú ▶ Treoir atá easnamhach nó dhoiléir maidir le cion ábhair ▶ Ionchais torthaí scrúduithe agus táblaí sraithe a bhaint amach ▶ Easpa forbartha gairmiúla ar DSMI ▶ Strus Múinteoirí

Tábla 2: Tosca lasmuigh den scoil a théann i bhfeidhm ar iompraíocht daltaí

Tosca lasmuigh den scoil
<p><u>Cúinsí Teaghlaigh</u></p> <ul style="list-style-type: none">▶ Ionad an pháiste sa teaghlach▶ Caidreamh an pháiste le tuismitheoirí/siblíni/garthuismitheoirí srl.▶ Colscaradh/méala▶ Fadhbanna meabhairshláinte▶ Tráma teaghlaigh▶ Andúil alcóil nó drugaí
<p><u>An Chomharsanacht</u></p> <ul style="list-style-type: none">▶ Chomh cairdiúil atá an páiste le páistí eile▶ Caidrimh le piaráí▶ Bulaíocht▶ Fadhbanna sóisialta▶ Suaitheadh cathartha
<p><u>An Páiste Féin</u></p> <ul style="list-style-type: none">▶ Fadhbanna leighis/sláinte▶ Tosca bitheolaíocha a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an iompraíocht▶ Imeachtaí ón am a chuaigh thart: imeachtaí trámacha, mí-úsáid, athruithe i gcúinsí teaghlaigh srl.

Shainaithin McNamara (1999) tosca rannpháirteacha fosta a d'fhéadfadh bheith mar ábhar imní. Léirítear iad seo i bhFíor 1 thíos.

Fíor 1 – Tosca a Chuireann le Fadhbanna Iompraíochta



(McNamara 1999)

Léiríonn torthaí taighde a rinneadh níos déanaí go bhfuil athrú tagtha ar nádúr an pháiste agus ar a (h)óige. Tá fadhbanna iompraíochta méadaithe faoi dhó agus fadhbanna mothúchánacha faoi 70% thar thréimse 25 bliain (1974-1999) (Hagell 2004). Lena chois sin, shainaithin Moss (2010) go bhfuil níos mó "aosú na hÓige", "Páistiú na nAosach" agus "Rochlárú Shaol an Teaghlaigh" ar an aimsir seo, rud is cúis le roinnt páistí agus daoine óga gan fios a bheith acu cad é mar ba chóir iompraíocht shóisialta a bhainistiú agus gan aon chiall acu don iompraíocht fhreagrach.

Léiríonn torthaí taighde fosta go bhfuil tionchar ag an bhaile agus ag an phobal (70%) agus ag an scoil (30%) ar pháistí agus ar dhaoine óga; (sonraí a chuir John West-Burnham i láthair ar chomhdháil a d'eagraigh an tAonad Oiliúna Réigiúnach (RTU) agus Ollscoil na Banríona (QUB) in QUB, 2008). Chuir sé béim ar an tábhacht a bhaineann le scoilenna bheith ag obair go crua "lena 30% a fháil ceart".

Ionas go dtig leo daltaí a bhfuil DSMI acu a thuiscint agus a bhainistiú, molann Moss (2010) gur chóir do mhúinteoirí Idirghabháil Shóisialta a úsáid – luachanna sóisialta a shainathint, idirbheartaíocht a dhéanamh ina leith agus iad a thraschur le tabhairt faoi iompraíocht mhíchuí. Lena rá ar dhóigh eile, caithfidh múinteoirí an iompraíocht atá de dhíth orthu, leis an dea-iompraíocht a chur chun cinn agus a bhuanú, a shainmhíniú agus a theagasc.

An Dea-Iompraíocht a Chur chun Cinn agus a Bhuanú

Sa mhír seo, cuirtear ar fáil tuiscint ar na croiluachanna a chuireann bonn agus taca faoi dhea-chleachtas bhainistíocht DSMI. Cuirtear ar fáil chomh maith struchtúr agus réimse straitéisí leis an dea-iompraíocht a chur chun cinn agus a bhuanú.

- 1) Croiluachanna le Bonn agus Taca a Chur faoi Éiteas, Polasaí agus Cleachtas
- 2) An Cleachtóir Machnamhach/Treallúsach
- 3) Pleanáil agus Bainistíocht Seomra Ranga Éifeachtúil
- 4) Bainistíocht na hIompraíochta Dearfaí
- 5) Ag Plé le Cásanna Ciotacha

Ba chóir do mhúinteoirí na straitéisí a mholtar anseo a chur leis na Treoirínte Réigiúnacha ar an Dea-Chleachtas (Boird Oideachais agus Leabharlann, 2009) a bheith mar chuid de bhainistíocht na hiompraíochta dearfaí acu. Lena chois seo, caithfidh scoileanna cur chuige iomlán scoile a fhorbairt i leith an iompraíocht dhearfach a chur chun cinn trí Pholasaí Iompraíochta Dearfaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Fiú nuair a bhíonn sé seo ar fad i bhfeidhm, is féidir go fóill gur bac suntasach ar an fhoghlaim agus ar an fhorbairt shóisialta an DSMI agus d'fhéadfadh gá a bheith lena thuilleadh tacaíochta ó ghníomhaireachtaí seachtracha. Caithfidh scoileanna, mar sin de, "an aird chuí" a thabhairt ar an Chód Cleachtais (ROTÉ), 1998a) agus cloí leis an chur chuige chéimnithe le sainathint, measunú agus freastal ar chineálacha níos sainiúla DSMI a chinntiú.

Tá roinnt comhairle sa chuid eile den mhír seo a bhaineann le daltaí a léiríonn nó a bhfuil diagnóis déanta orthu go bhfuil iompraíocht níos dúshlánaí acu a thuiscint agus a bhainistiú.

Mar achoimre, d'fhéadfaí gurbh éifeachtúla a thabharfaí faoi DSMI daltaí an toradh ar chleachtas cuimsiúcháin, ar chur chuige onghníomhach agus ar luath-idirghabháil. Dá thoradh sin, d'fhéadfaí gur laghdú i líon na ndaltaí dá n-iarrtar tacaíocht sheachtrach, a chuirtear ar fionraí nó a dhíbrítear as scoileanna an toradh air seo.


DSMI a Thuiscint agus a Bhainistiú

1. CROÍ-LUACHANNA

Ba chóir gur gach ball de phobal na scoile a chruthaíonn croíluachanna agus ba chóir gurbh iad is bunús d'éiteas, polasaí agus cleachtas na scoile. Ba chóir go mbeadh na luachanna seo mar bhonn agus taca agus ba chóir go gcuirfeadh siad chun cinn forbairt an dearcaidh, na scileanna agus an eolais is gá i dtaca le tuiscint agus bainistiú daltaí a bhfuil DSMI acu.

- Luachanna a dhaingníonn éiteas, polasaí agus cleachtas, ba chóir dóibh díriú ar leas na ndaltaí. Cuirtear iad seo i láthair i bhFíor 2 thíos:

Fíor 2 – Luachanna a Dhaingníonn Éiteas, Polasaí agus Cleachtas



- I dtaca le luachanna de, ba chóir go dtabharfaí aird ar na Sé Thoradh do Pháistí agus do Dhaoine Óga Thuaisceart Éireann sa Straitéis 10 mBliana (2006):
 - (i) bheith folláin;
 - (ii) bheith sábháilte;
 - (iii) taitneamh agus gnóthachtáil;
 - (iv) bheith rannpháirteach go dearfach;
 - (v) bheith rachmasach; agus
 - (vi) bheith beo i sochaí a bhfuil meas aici ar a gcearta.
- Is iondúil go mbíonn feidhm le hiompraíocht.
- Is minic gur easpa féinrialaithe sa duine, nó easpa eolais ar an dóigh inghlactha le rudaí a dhéanamh, is cúis le cuid mhór fadhbanna iompraíochta.
- Eascraíonn gach iompraíocht dhaonna as freagairt daoine aonair do ghréasán casta tionchar, m.sh. a dtimpeallacht agus meon an duine féin.
- Ní dócha go dtacódh idirghabhálacha ar cuspóir dóibh iompraíocht a rialú amháin, seachas an chiall atá léi a thuiscint, le daoine aonair a lánacmhainneacht a bhaint amach.
- Ós rud é go bhfoghlaimitear iompraíocht, caithfear iompraíocht chuí a theagasc.
- Ba chóir go mothódh daltaí sábháilte, gur cuid den phobal iad agus go bhfuil glacadh leo ionas go mbíonn an iompraíocht chuí acu.
- "Coinníonn an dea-iompraíocht daltaí sábháilte, laghdaíonn strus do mhúinteoirí agus cuireann le timpeallacht fháilteach,

DEACRACHTAÍ SÓISIALTA, MOTHÚCHÁNACHA AGUS IOMPRAÍOCHTA (DSMI) A THUISCINT AGUS A BHAINISTIÚ

comhbhách ina dtig le daltaí forbairt mar dhaoine agus ina dtig le daltaí agus múinteoirí araon a gcuid oibre is fearr a dhéanamh". (RO, 2001, lch.1).


- Sainmhínítear dalta a bhfuil DSMI acu mar dhaltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu.
"B'fhéidir go dteipeann orthu a bhfuiltear ag dréim leis a ghnóthú agus i roinnt cásanna, ach ní iontu uile, cuireann siad isteach ar oideachas daoine eile." (Cód Cleachtais, ROTÉ, 1998a, lch.74).
- Tig le scoileanna difear a dhéanamh agus is minic a dhéanann siad amhlaidh. (West-Burnham, 2008).

2. AN CLEACHTÓIR MACHNAMHACH/TREALLÚSACH

An Cleachtóir Machnamhach

- Ba choir don chleachtóir mhachnamhach bheith ag síormhachnamh agus ag iniúchadh a (h)iompraíocht féin agus bheith feasach ar thorthaí freagairtí idir onnghníomhach agus fhrithghníomhach nuair a bhítear ag bainistiú daltaí a bhfuil DSMI acu. Cuirtear é seo i láthair i bhFíor 3 thíos:

Fíor 3 – Freagairt Aosach d'Iompraíocht Daltaí



- Ba choir don chleachtóir mhachnamhach bheith ag síormhachnamh agus ag iniúchadh a c(h)leachtais féin faoi mar a bhaineann sé le daltaí a bhfuil DSMI acu a bhainistiú, ag fiafraí, 'an bhfuil dóigh níos fearr ann?'

An Cleachtóir Treallúsach

Caithfidh aosaigh treallúsacha sa seomra ranga:

- Fios a bheith acu cad é ba mhaith leo agus cumarsáid shoiléir bhéil a úsáid.
- Plean a bheith acu agus é a chur i gcrích.
- Cur chuige dearfach onghníomhach ar bhainistíocht iompraíochta a fhorbairt.
- Bheith tiomanta d'iompraíocht chuí a theagasc sa seomra ranga.
- Timpeallacht dhearfach seomra ranga a chruthú ina dtig le múinteoirí dul i mbun teagaisc agus daltaí dul i mbun foghlama.
- Cumarsáid shoiléir, dhearfach a dhéanamh le tacaíocht a thabhairt do dhaltaí.
- Iompraíocht a theagasc agus béim a chur ar ghné rogha an dalta nuair is cuí.
- Bheith comhsheasmhach.
- Bheith íogair maidir le riachtanais daoine eile.
- Bheith ábalta réimse leathan freagairtí cuí a úsáid, amhail daingean, séimh, greannmhar.
- Aitheantas dearfach a thabhairt do dhaoine a bhaineann amach a bhfuiltear ag dréim leis uathu.
- Fanacht socair nuair a bhíonn suíomh ciotach ann – cuimhnigh gurb iad féin an t-aon duine a thig leat a shocrú.

DEACRACHTAÍ SÓISIALTA, MOTHÚCHÁNACHA AGUS IOMPRAÍOCHTA (DSMI) A THUISCINT AGUS A BHAINISTIÚ

- Tabhairt le fios do dhaoine eile ar dhóigh mheasúil nuair nach mbíonn siad sásta leis an mhéid a rinne siad.
- Fios a bheith acu go bhfuil tábhacht ag baint le stíleanna cumarsáide agus gur chóir iad a úsáid dá réir leis an toradh cuí a bhaint amach. Cuirtear é seo i láthair i bhFíor 4 thíos:

Fíor 4 – Stíleanna Cumarsáide Aosach



3. PLEANÁIL AGUS BAINISTIÓCHT SEOMRA RANGA ÉIFEACTÚIL

Nuair a bhítear ag bainistiú daltaí a bhfuil DSMI acu, is den riachtanas seomra ranga eagraithe, ordúil a bhunú agus pleananna follasacha a bheith ag múinteoirí maidir le hiompraíocht, idir chuí agus mhíchuí, a bhainistiú ar dhóigh éifeachtúil.

Liostaítear thíos réimse straitéisí ar cruthaíodh iad bheith éifeachtúil le cur le timpeallacht ordúil foghlama.

- Ionchais réadúla maidir le hiompraíocht agus foghlaim.

- An rang a bhaint amach in am. Is den dea-chleachtas bheith ansin le 'fáilte a chur' roimh na daltaí
- Seomra ranga dea-aeistéitice ach feidhmiúil a bheith agat
- Socruithe cuí suíochán a bheartú agus bheith sásta na socruithe a athrú lena gcur in oiriúint don ghníomhaíocht.
- Ceachtanna dea-ullmhaithe idirdhealaithe ach iad solúbtha go leor lena n-athrú más gá.
- Atmaisféar dearfach a chruthú ag tús gach lae/ceachta.
- Obair a thabhairt ina céimeanna beaga inlámhsithe.
- Modhanna ilchéadfacha a úsáid nuair is féidir.
- Machnamh ar stíleanna foghlama – stíl amhairc, éisteachta agus chinéistéiseach.
- A chur i gcuimhne do dhaltaí gur éirigh leo san am a chuaigh thart agus béim ar ghnéithe dearfacha.
- Uasmhéid de chúig riail a bhfuil foclaíocht dhearfach leo amhail, 'Lean treoracha daoine fásta gan aon mhoill' nó 'Déanaimid ár ndícheall i gcónaí'. Cuir ar taispeáint go follasach iad sa seomra ranga.
- Aiseolas dearfach a úsáid m.sh. "Maith thú, a Sheáin, is maith liom an dóigh ar chrom tú ar do chuid oibre ar maidin."
- Aitheantas dearfach a úsáid – gan duaiseanna a bhronnadh ach go hannamh.
- Torthaí cuí a chur i bhfeidhm: ordlathas a bheith ag múinteoir ar an dóigh a mbainistítear iompraíocht má bhriseann daltaí na rialacha – ón chuid is intuigthe go dtí an chuid is follasaí.

- Gnáthaimh fhollasacha a theagasc agus a chleachtadh go dtí go ndéantar nós díobh. Caithfear seo a dhéanamh faoi choinne gníomhaíochtaí neamhacadúla chomh maith le hacadúil ar nós scuaine a dhéanamh, obair a chríochnú.
- Ciú a bheith i bhfeidhm le haird a tharraingt amhail '321', 'súile ormsa'.
- Soiléire na treorach a chinntiú trína leithéid seo atá i mBéarla – 'PRINT'

Purpose

Resources

In seat

Noise

Time

- Scanadh dearfach a úsáid – má tá tú ag obair le dalta amháin nó le grúpa beag daltaí, is fiú amharc thart an seomra go minic agus aitheantas a thabhairt d'iompraíocht dhearfach a bhaineann leis an tasc.
- Siúl thart an seomra agus aitheantas a thabhairt d'iompraíocht dhearfach a bhaineann leis an tasc.

4. BAINISTIÓCHT NA HIOMPRAÍOCHTA DEARFAÍ

Is é aidhm bhainistíocht na hiompraíochta dearfaí, an dea-iompraíocht a chur chun cinn agus a chothú trí fhócas leanúnach ar ghnéithe dearfacha:

- Díriú ar a bhfuil ag dul go maith sa rang.

- Aird a thabhairt ar pháistí a léiríonn iompraíocht 'cloí leis an tasc' seachas díriú ar iompraíocht mhíchuí.
- Iarraidh a thabhairt ar iompraíocht mhíchuí a bhainistiú ar dhóigh dhearfach.

Liostaítear thíos réimse straitéisí ar cruthaíodh iad bheith éifeachtúil maidir le bainistíocht na hiompraíochta dearfaí.

- **Aiseolas Dearfach – Aithint/Moladh/Daingniú:**
Aithint (an iompraíocht a thabhairt faoi deara agus cur síos uirthi), í a mholadh (a rá cad chuige a bhfuil sí go maith) agus daingniú (lipéad dearfach a chur leis an dalta) m.sh. "Go raibh maith agat as slacht a chur ar an seomra chomh gasta sin – beidh sos againn anois – is iontach an cuiditheoir tú". Is fiú seo a úsáid go mion is go minic.
- **Ceartú Dearfach** – abair leis na daltaí cad é ba mhaith leat go ndéanfadh siad .i. ná habair leo cad é nár mhaith leat go ndéanfadh siad m.sh. "siúil" in áit "ná bí ag rith", "lámha in airde" in áit "stad den scairteadh". Seachain "ná déan" nó "stad" a rá.
- **Athrá Dearfach** – nuair a thugann tú treoir, iarr ar dhuine éigin a bhfuil a fhios aige/aici cad é atá le déanamh é a athrá seachas díriú ar an té nach bhfuil a fhios.
- **Ciúnna Neamhbhriathartha** – lámha in airde, méar ar bhéal, "an t-amharc".
- **Ceisteanna Neamhfoirmiúla** – "An bhfuil do pheann luaidhe agat, a Mháire? Tuigeann tú cad é atá le déanamh?"
- **Treoir** – abair leo cad é atá le déanamh, abair "Go raibh maith agat" roimh ré, siúil leat.
- **Tabhair am glactha ar bord dóibh** – tabhair treoir shainiúil ar dhóigh neamhchoimhlinteach agus bog ón dalta agus tú ag dréim go follasach go gcloífidh an dalta lenar iarradh air/uirthi.

DEACRACHTAÍ SÓISIALTA, MOTHÚCHÁNACHA AGUS IOMPRAÍOCHTA (DSMI) A THUISCINT AGUS A BHAINISTIÚ

- **Atreoir** – déan an treoir a athrá gan imeacht ón phointe. Úsáid buíochas agus am glactha ar bord – tabhair an t-am dóibh – ná seas tharstu go coimhlinteach.
- **Straitéis neamhiontais** – déan neamhiontas d'iompraíocht thánaisteach má chomhlíonann an dalta an phríomh-iompraíocht a iarradh m.sh. má chuireann an dalta tús leis an tasc (an phríomh-iompraíocht) nuair a iarradh air/uirthi, déan neamhiontas d'iompraíocht thánaisteach a chuireann isteach ort amhail tromanálú nó ag criongán faoina (h)anáil.
- **Cóngar fisiciúil** – bog níos cóngaraí don dalta atá ag cur isteach.
- **Moladh i gcóngar** – d'fhéadfadh moladh do dhaltaí atá ag comhlíonadh na teorach teachtaireacht phríobháideach a thabhairt dóibh siúd nach bhfuil. Nuair a leanann dalta nach leanann treoir de ghnáth, cuir sonrú ann agus labhair faoi go dearfach.
- **Aird a bhaint/ A dhíriú ar rud eile** – tabhair tasc nó gníomhaíocht eile don dalta a chuireann isteach gan aird a tharraingt ar an iompraíocht a chuireann isteach.
- **Nuair/Ansin agus Ar dtús/Ansin** – ar dtús, déanaimid seo, ansin déanaimid siúd – seachnaíonn sé caint dhiúltach.
- **Cur i gcuimhne rialach** – tagair don riail, tabhair buíochas agus tabhair am glactha ar bord.
- **Riail na Lámh in Airde** – m.sh. "Tá mé ag cuardach lámh chiúin" nó "Cuimhnigh cad é a dhéanaimid nuair is mian linn labhairt."
- **Cá háit/ Cá huair?** – "Cá háit ar chóir duit bheith?" (ar mo shuíochán) "Cad é ba chóir duit a dhéanamh?" (mo chuid oibre).
- **Roghanna** – "Cuir do (m.sh. irisleabhar/greannán) ar mo dheasc nó i do mhála – cé acu a dhéanfaidh tú?" Is é an rogha dheiridh

is dóichí a dheanfar agus, mar sin de, is fiú smaoineamh faoin ord ina dtugann tú na roghanna do dhaltaí (tabhair an rogha is fearr i gcónaí mar rogha dheiridh). Tabhair am glactha ar bord. Cuir i gcuimnhe an meid a tharlóidh más gá.

- **Ceirín Briste** – déan an t-iarratas nó an riail nó an iarmhairt a athrá go suaimhneach; seachain an choimhlint nó an argóint. Fan neodrach.
- **Páirt-Chomhaontú** – mar fhreagra ar leithscéalta, abair, "Thiocfadh dó go bhfuil sé sin amhlaidh (bhí seisean ag caint liomsa) ach caithfidh tú dul ar aghaidh le do chuid oibre".
- **Cáineadh Príobháideach** – focal ciúin seachas aighneas poiblí.
- **Athchóiriú agus Atógáil** – chomh luath agus is féidir i ndiaidh an cháinte, aimisigh deis le rud éigin dearfach a rá faoin dalta – "Beir orthu agus iad maith".
- **Lean de – Coinnigh leis** – is é an chinnteacht seachas déine na n-iarmhairtí atá tábhachtach.
- **Smaoinigh ar Bhileog Smaointe a Úsáid** mar iarmhairt le cuidiú le daltaí iompraíocht níos cuí a roghnú amach anseo m.sh.
 - ▶ cén riail a bhris tú?
 - ▶ cén toradh a bhí air sin?
 - ▶ cad é atá tú ag dul a dhéanamh lena chur ina cheart?
 - ▶ cad é a dhéanfaidh tú an chéad uair eile?
- Áirítear ar idirghabhálacha cuidiúla eile do pháistí óga –
 - ▶ amchlár amhairc a úsáid – iomlán ranga nó duine aonair

Comhad Acmhainní Sainriachtanais Oideachais
**DEACRACHTAÍ SÓISIALTA, MOTHÚCHÁNACHA AGUS
IOMPRAÍOCHTA (DSMI) A THUISCINT AGUS A BHAINISTIÚ**

- ▶ cláir roghanna – cloígh le rogha de rud nó dhó le cuidiú le daltaí a bhfuil sé deacair acu gníomhaíochtaí a roghnú
- ▶ scéalta sóisialta a úsáid (Gray – ag an phreas)
- ▶ córas an chomrádaí (buddy) ag am súgartha le dea-chairdeas a chothú
- ▶ clár "Tá mé ag obair le.." a úsáid
- ▶ "callánmhéadar" a úsáid – scála amhairc den leibhéal inghlactha calláin
- ▶ Am Órga – nuair a roghnaíonn daltaí an ghníomhaíocht is fearr leo
- ▶ nótaí ina mbíonn nuacht dhearfach le caidreamh dearfach a choinneáil le tuismitheoirí/caomhnóirí
- ▶ greamáin/teastais
- ▶ seisiúin am ciorcail (Mosley, 1998)
- ▶ am gairid in ionad eile m.sh. cathaoir smaointe agus tacaíocht go dtí go mbíonn an dalta réidh dul ar ais sa ghrúpa

5. STRAITÉISÍ CHUN PÉ LE CÁSANNA CIOTACHA

D'fhéadfadh cás ciotach éirí aníos gan choinne nó, i gcás roinnt bheag daltaí, d'fhéadfadh sé titim amach ar bhonn rialta. I dtaca leis an dara cás de, d'fhéadfadh plan bainistíocht iompraíochta comhaontaithe bheith i gceist le plé le hiompraíocht an dalta.

Nuair a bhítear ag plé le cásanna ciotacha, beidh ar dhaoine fásta breitheanna gairmiúla a dheanamh bunaithe ar a dtaithe agus ar an aithne atá acu ar an dalta aonair.

Liostaítear thíos roinnt pointí le cuimhneamh orthu agus roinnt straitéisí a d'fhéadfadh bheith éifeachtúil agus cásanna ciotacha á mbainistiú. D'fhéadfadh sé bheith cuí fosta tuilleadh cuidithe a iarraidh faoi réir an Chóid Chleachtais (ROTÉ, 1998a).

Pointí le cuimhneamh orthu nuair a bhítear ag plé le cásanna ciotacha

- fanacht socair
- guth suaimhneach a úsáid
- teanga neodrach a úsáid agus a choinneáil gairid
- dul isteach i spás pearsanta a sheachaint mura gá
- teagmháil fhada súl a sheachaint
- seasamh go socair
- an meid a bhfuil tú ag dréim leis an dalta a dhéanamh a rá go soiléir leis/léi
- na hiarmhairtí a chur i gcuimhne don dalta (a úsáid go faicheallach)
- an chéad rud eile a tharlóidh a rá
- D'fhéadfaí gur ghá an 'lucht éisteachta' a chur áit éigin eile
- bogadh – an dalta a bhogadh ón ghrúpa ar feadh tamall gairid. Léiríonn sé seo freagairt neamhfhóireigin, tugann deis 'fuaraithe' agus am athmhachnaimh. Teagascann sé chomh maith nach nglacfar le hiompraíocht mhíchúí agus cosnaíonn sé cearta gach duine.
- an dalta a thabhairt amach as an seomra – tagair do Polasaí Sábhailte Láimhseála. (RO, 2004).
- a aithint agus a thuiscint go dtig le gach duine éirí feargach/ trodach agus eolas a chur ar an bhís choimhlinte. Cuirtear é seo i láthair i bhFíor 5 thall:

Fíor 5: Forrántacht a Thuiscint: Bís Choimhlinte



(www.team-teach.co.uk)

- Léirigh bá le mothúcháin an dalta – "Is léir dom go bhfuil tú míshásta."
- Cuimhnigh i gcónaí ar fhreagairt ghairmiúil lán smaointeoireachta a thabhairt d'iompraíocht an dalta le go socrófar an cás.
- Is módh cumarsáide é gach cineál iompraíochta. Tá feidhm le hiompraíocht ghnásúil ach is féidir iompraíocht níos cuí a fhoghlaim. Tá an-tábhacht leis an dóigh a bhfreagraímid leis an iompraíocht inmhianaithe a theagasc agus a bhaint amach.
- An cur chuige C5 a úsáid mar uirlis mheasúnachta:
 - ▶ Cad é?
 - ▶ Cá háit?
 - ▶ Cá huair?
 - ▶ Cé?
 - ▶ Cad chuige?

m.sh. cad é?	- tá Séan ag scairteadh
cá háit?	- i rang X
cá huair?	- gan stad (gach lá)
cé	- (cé air) an múinteoir
cad chuige?	- aird de dhíth air, is cosúil

Socraigh spriocanna réadúla m.sh. *"Cuirfidh Seán a lámh in airde nuair is mian leis labhairt"*.

Straitéisí múinteora le cuidiú le Seán a spriocanna a bhaint amach:

- cleachtadh agus cur i gcuimhne ag tús ceachta
- aitheantas dearfach nuair a ardaíonn Seán a lámh
- iarmhairt as scairteadh gan stad

Spriocanna agus straitéisí a athnuachan más gá:

- mura bhfuil sé ag obair, stad de.
- an rud a oibríonn a thabhairt faoi deara agus níos mó de a dhéanamh
- leanúnachas cur chuige ó gach duine fásta a chinntiú
- na teachtaireachtaí a leanas a thabhairt don dalta:

"Is mian liom go n-éireoidh leat i mo rang."

"Ní dhéanfaidh mé neamhiontas díot."

"Tá tú freagrach as d'iompraíocht féin."

Achoimre

Ba chóir go gcuirfeadh na prionsabail a bhaineann le bainistíocht éifeachtúil iompraíochta a leagtar amach anseo le tuiscint agus bainistíocht iompraíochta múinteoirí.

Sainaitníodh croiluachanna agus cuireadh i láthair réimse straitéisí bainistíocht iompraíochta dearfaí le héiteas, polasaí agus cleachtas éifeachtúil iomlán scoile a fhorbairt.

Ba chóir go mbeadh an t-eolas úsáideach ag múinteoirí maidir leis an dea-iompraíocht a chur chun cinn agus a chothú, pleananna bainistíochta iompraíochta a fhorbairt don seomra ranga agus pleananna aonair a fhorbairt do dhaltaí a bhfuil DSMI acu.

Ba chóir go mbeadh ábhar na caibidle seo úsáideach fosta ag scoileanna maidir le cleachtas cuimsiúcháin a chur chun cinn do dhaltaí a bhfuil DSMI acu agus teagasc agus foghlaim a fheabhsú do gach duine.

Cás Staidéar Ghaelscoile

Fadhbanna Iompair

Cad é a dhéanann muid?

Rialacha ranga aontaithe leis na páistí ag tús an téarma.

Polasaí deá-iompair pléite leis na páistí / tuistí.

Réalt an Lae in úsáid i ngach rang.

Soilsí trachta in úsáid i ngach rang.

3 sheisiún gach lá.

Páiste na Míosa.

Tionól uair sa mhí.

4 sheachtain de nótaí a choinneál sa rang / ag breathnú ar an pháiste má mhothaíonn muid go bhfuil fadhb ann.

Cruinniú néamh-fhoirmiúlta leis an tuiste chun dearcadh s'acu a fháil / an páiste a phlé leo.

Teagmháil rialta a choinneál leis na tuistí: polasaí a leanúint.

Cruinniú leis an tuiste chun an pháiste a chur ar IEP / liosta RBO. Fillteán RSO a úsáid / seicliosta a úsáid / moltaí ón siceolaí a ghlacadh ar bhord / tuairim an tuiste a ghlacadh ar bhord.

Spricanna réadúil a shocrú don pháiste atá ag fóirstean don pháiste.

Páiste a chur an eolas faoin IEP ar leibhéal s'acu féin – spricanna.

Rudaí curtha i bhfeidhm chun an pháiste a spreagadh – am órga.

Foireann atá ag obair leis an pháiste a chur ar an eolas faoin IEP / spricanna.

Monatóireacht a dhéanamh ar an pháiste agus an dul chun cinn atá déanta.

I ndiaidh 2 IEP a dhéanamh agus nótaí a choinneáil téann muid i dteagmháil leis an siceolaí / behaviour support team.

Má's gá "risk assessment" a dhéanamh don pháiste agus na tuistí a chur ar an eolas faoi.

Straitéisí:

Treoracha soileir sa rang / sa scoil / sa bhialann srl.

"Meet and greet" Buailéann an pháiste leis an SENCO gach maidin go neamh-fhoirmiúlta.

Labhrann an pháiste leis an Príomhoide ag deireadh an lae agus scríobhann an Phríomhoide ina dhialann.

Buailéann an pháiste le comhairleoir na scoile uair sa seachtain agus bíonn sí ag obair lena theaghlach fosta.

Tá gach duine atá ar an fhoireann eolach ar riachtanais an pháiste seo.

Déanann muid iarracht deá-iompair a mholadh i gcónaí.

Coinníonn muid i dteagmháil lena thuistí.

Coinníonn muid nótaí rialta.

Glacann muid comhairle ón Behaviour Support Team. Déanann muid traenáil leo ar straitéisí gur féidir a úsáid / ag líonadh isteach pleananna. Tugann siad comhairle dúinn ar straitéisí eile gur féidir a úsáid.

Má's gá coinníonn muid dialann idir an scoile agus an baile fosta.

Baineann muid úsáid as

Cén dóigh an aithníonn muid na páistí?

Éistean muid le gach duine a mbíonn ag obair leis an pháiste.

Éistean muid le tuairimí na dtuistí.

Déanann muid monatóireacht rialta ar gach páiste sa scoil.

Bíonn cruinnithe rialta againn leis na tuistí.

Cén dóigh an bhfuil a fhios againn go bhfuil na straitéisí ag obair?

Déanann muid monatóireacht ar na spriocanna go rialta.

Buailéann muid leis an pháiste agus leis na tuistí.

Athraíonn muid na rudaí a dhéanann muid go rialta muna n-oibríonn siad go dtí go bhfaigheann muid rud éigin atá ag fóirstean don pháiste.

Baineann muid úsáid as "visual aids" sa rang agus thart ar an scoil.

Coinníonn muid dialann idir an scoil agus an baile chun muid a choinneál ar an eolas faoi gach rud atá ag tarlú i saol an pháiste.

Éisteann muid le tuairimí an pháiste, tuairimí na dtuistí, tuairimí an mhúinteora.

Éiríonn leis an pháiste na spriocanna atá ar an IEP a bhaint amach.

Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde

D'fhéadfadh na treoracha seo a leanas, a d'fhorbair agus a tháirg na Boird Oideachais agus Leabharlann, bheith úsáideach maidir le tabhairt faoi riachtanais shonracha daltaí a bhfuil Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde (ADHD) orthu.

Attention Deficit Hyperactivity Disorder (ADHD). A Practical Guide for Schools. (ELB, 2004)

Attention Deficit Hyperactivity Disorder (ADHD). Your Child with ADHD: A Practical Guide for Parents and Carers. (ELB, 2004)

Is féidir teacht ar an dá threoir ar líne ag:

http://www.deni.gov.uk/adhd_-_a_practical_guide_for_schools.pdf

http://www.deni.gov.uk/adhd-a_practical_guide_for_parents_and_carers.pdf

Cás Staidéar Ghaelscoile

SIONDRÓM DOWN

Is gasur é G atá 4 bliana d'aois agus a bhfuil Siondróm Down air. Tá moill ar a chuid scileanna labhartha chomh maith lena mhionscileanna agus lena mhórscileanna. Níl radharc na súile maith aige agus caitheann sé spéaclaí. Tá a chuid scileanna neamhspleáchais fíormhaith.

Is gasúr pléisiúrtha é a bhfuil dúil aige a bheith i gcuideachta páistí eile agus daoine fásta. In amanna, bíonn frustrachas air má bhíonn fadhbanna aige é féin a léiriú.

Tá tuistí G fíormhaith agus tugann siad tacaíocht agus cuidiú d'fhoireann na scoile i gcónaí agus mar gheall ar an chomhoibriú agus an caidreamh láidir atá againn leo, shocraigh G isteach go hanmhaith ar scoil.

Sular thosaigh G i nGaelscoil H i Meitheamh 2011, bhí a thuismitheoirí agus an scoil réamhghníomhach le chéile ag socrú rudaí dó sa dóigh is go raibh plean aontaithe agus curtha i bhfeidhm le chéile againn le cinntiú go raibh G in ann tús a chur lena shaol scoile gan stró ar bith.

Le linn an ama seo, bhí orainn cruinniú a shocrú leis na seirbhísí seo a leanas:

- Teiripeoir saothair
- Teiripeoir urlabhra agus labhartha
- Fisiteiripeoir
- Oibrí sóisialta
- Síceolaí oideachais sa BOL

Thug na seirbhísí seo eolas dúinn faoi na laigí agus na láidreachtaí atá ag G agus na háiteanna a bhí le forbairt aige, chomh maith leis sin, thug siad cuidiú agus

treoracha dúinn ar na dóigheanna a mbeidh muid in ann freastal ar riachtanais G. Bíonn cruinnithe againn leo go minic go fóill agus tagann siad isteach chun na scoile in amanna chun breathnóireacht a dhéanamh air.

Sular thosaigh G sa Náiscoil, bhí ráiteas RSO aige agus mar gheall air seo, bhí muid in ann cúntóir ranga lánaimseartha a fhostú le bheith ag obair leis. Tugadh treoracha soiléire don chúntóir ó thaobh ag obair le G de agus tá sí ag déanamh staidéir ar pháistí le Siondróm Down mar chuid de Dhioplóma s'aici. Cuirtear Plean Intimate Care i bhfeidhm dó a bhí aontaithe ag a thuismitheoirí. Bíonn an fhoireann ag freastal ar chursaí a bhaineann le G go minic le cur le heolas agus scileanna s'acu. Bíonn POA aige fosta a scríobhann múinteoir na Náiscoil dó i gcomhar le tuistí G, SENCO na scoile, cúntóir G agus príomhoide na scoile.

Ag an am chéanna, d'éirigh linn deontas a fháil ó "DARD Disability Programme" fá choinne £5,000 chun áiseanna a cheannach a chuideodh linn freastal ar riachtanais G. Arís, bhí cruinnithe againn le tuistí G agus lena Teiripeoir Saothair, a thug treoracha dúinn ar na háiseanna a bheas de dhíth orainn agus é ar scoil mar shampla leaba athraithe, tomhais mhóra, áiseanna spóirt ~ rothar, liathróidí móra, fráma dreapadóireachta, luascán, plátaí cothroma agus tolláin chomh maith le clárban idirghníomhach mar cuidíonn seo lena mhíon agus lena mhórscoiléanna a fhorbairt chomh maith lena labhairt ó thaobh "Talking Books," de.

Ó thaobh phlean iomlán na scoile do G, bhí ar fhoireann na scoile bheith eolach ar Shiondróm Down agus na riachtanais atá ag G.

Bíonn treánáil déanta ag foireann na Náiscoil go minic ar Macaton (teanga chomharthaíochta atá in úsáid ag G) agus téann cúntóir ranga G chuig a chuid ranganna teiripe cainte leis gach coicise. Thosaigh cuid de na páistí ag úsáid Macaton leis fosta.

Cé go bhfuil Siondróm Down ar G, níl tuismitheoirí G ag iarraidh go mbeidh difear ann idir é féin agus na páistí eile sa Náiscoil. D'iarr siad orainn le cloí leis na rialacha iompair atá againn do na páistí eile sa Náiscoil le G fosta.

Tá obair déanta ag múinteoir na Naíscóile leis na páistí eile sa rang le G. Tuigeann siad go bhfuil riachtanais ar leith ag G agus bíonn gach duine acu sásta cuidiú a thabhairt dó nuair is gá.

Nuair a bhogann G trasna chuig Rang 1 i Meán Fómhair 2012, déanfaidh muid, mar scoil iomlán, athbhreithniú ar an phlean atá againn dó le cinntiú mar a bhogann G suas sa scoil go bhfuil muid i gcónaí ag freastal ar riachtanais s'aige agus go bhfuil dul chun cinn le feiceáil ina chuid líntí forbartha. Déanfaidh muid athbhreithniú ar pholasaithe na scoile le cinntiú go nglacann siad uilig "cuimsiú" san áireamh, amharcaidh muid ar dhearcadh iomlán na scoile le cinntiú go dtuigeann gach duine an ról atá acu agus muid ag freastal ar riachtanais gach páiste atá faoinár gcúram. Cuirfidh muid béim ar PDMU sa dóigh go dtuigeann na páistí uilig sa scoil go bhfuil gach duine difriúil agus go bhfuil riachtanais ag gach duine acu. Beidh "Córas Buddy" curtha i bhfeidhm dó agus é ag dul fríd an scoil. Leanfaidh muid ar aghaidh ag obair leis na seirbhísí uilig atá bainte le G, déanfaidh muid cinnte go bhfuil an curculamTE curtha ar fáil dó i gcónaí agus go bhfuil na seansanna céanna aige is atá ag na páistí eile sa scoil.

Tógfaidh muid ar an chaidreamh iontach atá againn le tuismitheoirí G agus leanfaidh siad ar aghaidh ag obair le chéile linn agus muid uilig ag freastal ar riachtanais G. Gan dearmad a dhéanamh ar G sa phróiseas seo, éistfidh muid leis agus na riachtanais atá aige.

Tagairtí

Attention Deficit Hyperactivity Disorder (ADHD). A Practical Guide for Schools. (ELB, 2004)

Attention Deficit Hyperactivity Disorder (ADHD). Your Child with ADHD: A Practical Guide for Parents and Carers. (ELB, 2004)

Call, N. (2003). *The Thinking Child Resource Book*. Stafford: Network Educational Press.

Call, N. (2003). *The Thinking Child*. Stafford: Network Educational Press.

Canter, L. (2010). *Assertive Discipline*. Bloomington: Solution Tree Press.

CCEA (2008). *Living. Learning. Together. Personal Development and Mutual Understanding (Northern Ireland Curriculum)*. Belfast: CCEA/Multimedia 2008.

DCSF (2009). *Learning Behaviour. Lessons learned. A review of behaviour standards and practices in our schools*. Sir Alan Steer. London: DCSF.

DENI (1998a). *Code of Practice on the Identification and Assessment of Special Education Needs*. Bangor: NI.

DENI (1998b). *Promoting and Sustaining Good Behaviour. School Improvement Northern Ireland Programme*. Department of Education for Northern Ireland: The Stationery Office.

DE (2001). *Pastoral Care in Schools Promoting Positive Behaviour*. Bangor: DENI.

DE (2004). *Regional Policy Framework in the use of Reasonable Force / Safe Handling*. Bangor: DENI.

DE (2009a). *Every School a Good School. A Policy for School Improvement*. Bangor: DENI.

DE (2010a). *Report of an Evaluation of pupil behaviour in schools and other educational settings*. Bangor: DENI.

DE (2010b). *Teacher Education in a Climate of Change – the Way Forward*. Bangor: DENI.

DES (1989). *Discipline in Schools. Report of the Committee of Enquiry Chaired by Lord Elton (the Elton Report)*. London: HMSO.

DES (1978). *Special Educational Needs: Report of the Committee of Enquiry into the Education of Handicapped Children and Young People (The Warnock Report)*. London: HMSO.

Education and Library Boards (ELB). (2009). Provisional Criteria for Initiating Statutory Assessments of Special Educational Need and for Making Statements of Special Educational Need.

Education and Training Inspectorate (ETI). (2005). *The Reflective Teacher*. Bangor: ETI.

Faupel, A., Herrick, E. and Sharp, P. (1998). *Anger Management – A practical Guide*. London: David Fulton Publishers.

Fogell, J. and Long, R. (1997). *Spotlight on Special Educational Needs: Emotional and Behavioural Difficulties*. Tamworth: Nasen Enterprises Ltd.

Fullan, M. (1991). *The New Meaning of Educational Change*. London: Cassell.

General Teaching Council for Northern Ireland (GTCNI). (2007). *Teaching: the Reflective Profession*. Belfast: GTCNI.

Gray, C. (in press). "Social Stories and Comic Strip Conversations with students with Asperger's Syndrome and high functioning Autism"

- Hagell, A. (2004). Time Trends in Adolescent Mental Health. *Journal of Psychology and Psychiatry* November 2004.
- In E. Shopler, GB Mesibov and L, Kunce (eds). *Asperger's Syndrome and High Functioning Autism*. New York: Plenum Press.
- Lehman, J, Hawkins, J and Catalan, R. (1994). Reducing Risks and Protecting our Youth: A Community Mission. *Corrections Today*, vol 56 no5.
- Logan, P. and Rickinson, M. (2005). *Report of the Working Group on Student Behaviour*. London: National Educational Research Forum (NERF).
- McNamara, E. (1999). *Positive Pupil Management and Motivation*. London: Fulton.
- Mosely, J. (1998). *More Quality Circle Time*. Wisbech: LDA.
- Mosely, J. and Sonnet, H. (2005). *Better Behaviour through Golden Time*. Wisbech: LDA.
- Moss, G. (2010). *Three Teaching Steps for Better Behaviour*. Behaviour and Learning Management.
- Roffey, S. and O'Reirdan, T. (1998). *Infant Classroom Behaviour*. London: David Fulton Publishers.
- Roffey, S. and O'Reirdan, T. (2000). *Young Children and Classroom Behaviour*. London: David Fulton Publishers.
- Rogers, B. (2004). *Behaviour Recovery*. London: Paul Chapman Publishing.
- Rogers, B. (2006). *A Practical Guide to Effective Teaching, Behaviour Management and Colleague Support (2nd edition)*. London: Paul Chapman Publishing.

Rose, R. (2007). Reinterpreting Inclusion: Putting Participation at the Heart of the Agenda. *Journal of the Irish Learning Support Association*. (p 26-32).

The Special Educational Needs and Disability (Northern Ireland) Order 2005.
Belfast: HMSO.

www.team-teach.co.uk (physical restraint training)

West-Burnham, J. (2008). "New Leadership for New School" presentation at a joint Regional Training Unit / Queen's University Belfast conference in QUB Belfast.

Buíochas

Dr Brenda Montgomery	Adviser, Special Education, SEELB
Ms Brenda Brown	AAO, Behaviour Support Team, BELB
Ms Joanne Brown	Principal, Clarawood School, BELB
Mr Colin Campbell	AAO, Behaviour Support Team, SEELB
Ms Nola Dunstall	Behaviour Support Team Manager, SELB
Mr Barry Fettes	Acting Principal, Ardmore House, SEELB
Mrs Orla Hendron	AAO, Behaviour Support Team, SEELB
Mr Walter Lambe	Rathmore Educational Guidance Centre, NEELB
Ms Eithne McGinley	AAO, Behaviour Support Team, BELB
Mrs Norma Perceval-Price	SEN Consultant, C2K
Dr Noel Purdy	Principal Lecturer, Stranmillis University College

